2023.M71T

2023L014A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023

# Ealaín

## Amharcstaidéar

## Ardleibhéal

## Déardaoin 15 Meitheamh    Tráthnóna 2:00 - 4:30

150 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2023 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Tá **trí** roinn sa scrúdpháipéar seo:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Roinn A | Domhan an Lae Inniu | 50 marc | 7 gceist ghearrfhreagra. |
| Roinn B | An Eoraip agus an Domhan Mór | 50 marc | 6 cheist fhadfhreagra. |
| Roinn C | Éire agus a háit sa Domhan Mór | 50 marc | 6 cheist fhadfhreagra. |

Freagair ceisteanna mar seo a leanas:

- Roinn A – Domhan an Lae Inniu: Freagair **cúig cheist** ar bith.
  (Tá na ceisteanna go léir ar cómharc – 10 marc an ceann).
- Roinn B – An Eoraip agus an Domhan Mór: Freagair ceist **amháin**.
- Roinn C – Éire agus a háit sa Domhan Mór: Freagair ceist **amháin**.

Déan tagairt, áit a n-iarrtar é, do na **léaráidí ar an mbileog a ghabhann** le Roinn A.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Tá spás le haghaidh obair bhreise i ndeireadh an leabhráin. Déan aon obair bhreise a lipéadú go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Tá cead agat sceitsí agus léaráidí lipéadaithe a úsáid mar thaca le do fhreagra más mian leat. Tá spás le haghaidh sceitsí agus léaráidí ar fáil i ndeireadh gach ranna. Déan deimhin de, le do thoil, go bhfuil uimhir na ceiste (agus an chuid den cheist nuair is gá sin) curtha go soiléir ar gach sceitse nó léaráid.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Is le haghaidh sceitsí agus líníochtaí amháin a cheadaítear peann luaidhe, pinn luaidhe dathúcháin san áireamh. Ná húsáid péint ná meán fliuch ar bith eile.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

| Roinn A | Domhan an Lae Inniu | 50 marc |
|---|---|---|

Freagair **cúig cheist ar bith** sa roinn seo.

**Ceist 1** **10 marc**

Tá *Salvatore* le David Booth **léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo**.

**(a)** Déan cur síos ar an bpictiúr sin faoi na ceannteidil seo a leanas: dath, stíl.

**(b)** Mínigh na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le portráid a phéinteáil ó fhótagraf in ionad í a phéinteáil díreach ón mbeo.

**Ceist 2** **10 marc**

Tá stadán as an scannán beochana *Wolfwalkers* **léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo**.

**(a)** Déan cur síos ar an stadán sin faoi na ceannteidil seo a leanas: íomhánna, meon.

| Íomhánna: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

| Meon: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)** Conas a chruthaigh an beochantóir tuiscint don ghluaiseacht sa stadán atá léirithe? Tabhair fáthanna le do fhreagra.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 3** **10 marc**

Sainaithin obair ealaíne le healaíontóir ainmnithe atá bunaithe ar an tráchtaireacht shóisialta agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

| |
|---|
| Obair ealaíne: |
| Ealaíontóir: |

**(a)** Tabhair breac-chuntas ar na ceisteanna a chuirtear in iúl san obair ealaíne sin.

**(b)** Conas a chuir an obair ealaíne sin in iúl na ceisteanna ar tugadh breac-chuntas orthu i gcuid (a) thuas?
Déan tagairt don ábhar, do na meáin agus do na bunábhair, do na próisis, agus suíomh, de réir mar is cuí.

**Ceist 4** **10 marc**

Tá *The Bridge: Fiacha Dhubha Fhionnghlaise ar Foluain (Finglas Ravens Soar)*, obair ealaíne phoiblí le Sarah Cunningham-Bell, **léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo**.

**(a)** Déan cur síos ar an obair ealaíne sin faoi na ceannteidil seo a leanas: foirm, suíomh, scála.

**(b)** Céard iad na smaointe a chuirtear in iúl sa saothar seo, dar leat? Bíodh fianaise ó na híomhánna den dealbh seo, **atá léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo**, mar thacaíocht le do fhreagra.

**Ceist 5** **10 marc**

Léigh an sliocht seo a leanas, le do thoil:

**Tionscadal Éireann 2040**

De bhun Thionscadal Éireann 2040, tá an rialtas ag infheistiú €460 milliún in Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta na hÉireann (gailearaithe poiblí san áireamh), d'fhonn a gcuid áiseanna a athchóiriú agus a nua-aoisiú go hiomlán.

(Arna chur in oiriúint ó www.irishmuseums.org)

**(a)** Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go ndéanfadh an rialtas infheistiú i ngailearaithe poiblí na hÉireann? Tabhair fáthanna le do fhreagra.

**(b)** Déan cur síos ar an dóigh a bhféadfadh gailearaithe poiblí a gcuid spásanna taispeántais a athchóiriú agus a nua-aoisiú. Tabhair fáthanna le do fhreagra.

**Ceist 6** **10 marc**

Is bróg í *Nike Air Force 1 Flyleather* a bhfuil obair ealaíne uirthi a dhear Ruohan Wang, agus tá sí **léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo**.

**(a)** Déan cur síos ar an obair ealaíne ar na bróga seo faoi na ceannteidil seo a leanas: stíl, comhdhéanamh agus úsáid an dromchla.

| Stíl: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

| Comhdhéanamh agus úsáid an dromchla: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)** Céard iad na buntáistí a bhaineann ealaíontóirí as comhoibriú le branda?
Tabhair fáthanna le do fhreagra.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 7** **10 marc**

Tá *Teach Cathrach*, Ollscoil Kingston, Londain, **léirithe ar an mbileog a ghabhann leis seo**.
Is clós é an spás don léitheoireacht, don damhsa, don taibhiú, do léachtaí agus do ghníomhaíochtaí eile.

**(a)** Déan anailís ar ailtireacht inmheánach an spáis sin agus tagairt agat do rithim, solas, scála.

**(b)** Conas a nasc na hailtirí an fhoirm leis an bhfeidhm sa spás taobh istigh sin?
Tabhair fáthanna le do fhreagra.

Spás le haghaidh sceitsí, léaráidí, etc. más rogha leat é a úsáid.
Déan an obair go léir a lipéadú go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

| Roinn B | An Eoraip agus an Domhan Mór | 50 marc |
|---|---|---|

Freagair ceist **amháin** as an roinn seo.

**Ceist 8 Ealaín Rómhánúil agus Ghotach (c.1000 – 1500idí)**

Déan plé ar an tionchar a d’imir oilithreachtaí ar ealaín agus ar ailtireacht na tréimhse Rómhánúla.

- Déan tagairt i do fhreagra do shamplaí sonracha den ealaín agus den ailtireacht.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh, ar an ábhar, ar na bunábhair agus ar na teicnící san áireamh agat.

**Ceist 9 An Renaissance – An Próta-, Luath-, tArd-Renaissance & an Nósúlacht (c.1300 – 1600idí)**

Déan plé ar an dóigh ar fhorbair láimhseáil na fíorach daonna le linn na tréimhse seo.

- Déan tagairt i do fhreagra d’ealaíontóirí ainmnithe agus dá saothair ealaíne.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh, ar an nuálaíocht agus ar an aireag san áireamh agat.

**Ceist 10 Ealaín Bharócach (c.1600 – 1700idí)**

Cén tionchar a bhí ag an reiligiún ar ealaín agus/nó ar ailtireacht na tréimhse Barócaí?

- Déan tagairt i do fhreagra d’ealaíontóirí ainmnithe agus dá saothair ealaíne agus/nó da gcuid ailtireachta.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh, ar na bunábhair agus ar na teicnící san áireamh agat.

**Ceist 11 Réalachas, Impriseanachas agus Iar-Impriseanachas (c.1850 – 1900idí)**

Déan plé ar an dóigh a raibh tionchar ag an nuálaíocht agus ag an aireag ar ealaín na tréimhse seo.

- Déan tagairt i do fhreagra d’ealaíontóirí ainmnithe agus dá saothair ealaíne.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar an ábhar, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh, ar na bunábhair agus ar na teicnící san áireamh agat.

**Ceist 12 Nua-Aoiseachas (c.1900 – 1960idí)**

Déan plé ar an dóigh ar thug ealaíontóirí cúl do léirithe réalaíocha ar an ábhar sa chéad leath den fichiú haois.

- Déan tagairt i do fhreagra d’ealaíontóirí ainmnithe agus dá saothair ealaíne.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh, ar na bunábhair agus ar na teicnící san áireamh agat.

**Ceist 13 Tar éis 1960**

Déan plé ar shaothar **beirt** ealaíontóirí coincheapúla ón tréimhse seo a ghlac chucu féin an nuálaíocht agus an aireag.

- Déan tagairt i do fhreagra do **bheirt** ealaíontóirí ainmnithe agus dá saothair ealaíne.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh, ar na meáin agus ar na próisis san áireamh agat.

Spás don phleanáil más rogha leat é a úsáid.

Freagra ar Cheist

Spás le haghaidh sceitsí, léaráidí, etc. más rogha leat é a úsáid.
Déan an obair go léir a lipéadú go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

## Roinn C — Éire agus a háit sa Domhan Mór — 50 marc

Freagair ceist **amháin** as an roinn seo.

**Ceist 14 — An Ealaín Réamh-Chríostaí (c.4000 RCR – 500 CR)**

Conas a chuaigh creidimh spioradálta mhuintir na Clochaoise i bhfeidhm ar fhoirm agus ar mhaisiúchán na struchtúr a thóg siad?

- Déan tagairt i do fhreagra do struchtúir ainmnithe.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar na bunábhair agus ar na teicnící, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh, ar an nuálaíocht agus ar an aireag san áireamh agat.

**Ceist 15 — Ealaín na nOileán (c.500 – 1100idí)**

Déan plé ar úsáid na crosfhí i lámhscríbhinní, sa mhiotalóireacht agus sa dhealbhóireacht sa tréimhse seo.

- Déan tagairt i do fhreagra do shamplaí ainmnithe.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar na bunábhair agus ar na teicnící, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh san áireamh agat.

**Ceist 16 — Ealaín agus Ailtireacht na Meánaoise Déanaí (c.1100 – 1550idí)**

Déan plé ar ghnéithe ailtireachta agus ar mhaisiúchán dealbhóireachta na struchtúr reiligiúnach ón tréimhse seo.

- Déan tagairt i do fhreagra do shamplaí ainmnithe.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar na bunábhair agus ar na teicnící, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh san áireamh agat.

**Ceist 17 — An Tréimhse Sheoirseach (c.1720 – 1800idí)**

Déan plé ar an bhforbairt ar ailtireacht agus ar mhaisiúchán na dtithe Seoirseacha sa tréimhse seo.

- Déan tagairt i do fhreagra do shamplaí sonracha de thithe cathrach agus/nó de thithe tuaithe.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar an nuálaíocht agus ar an aireag, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh san áireamh agat.

**Ceist 18 — Ealaín agus Nua-aoiseachas na hÉireann (c.1880 – c.1960idí)**

Déan anailís ar an dóigh a ndearnadh théamaí an náisiúnachais a iniúchadh agus a léiriú in Ealaín na hÉireann le linn na tréimhse seo.

- Déan tagairt i do fhreagra d’ealaíontóirí ainmnithe agus dá saothair ealaíne.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar na bunábhair agus ar na teicnící, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh san áireamh agat.

**Ceist 19 — Tar éis 1960**

Déan plé ar shaothar **beirt** ealaíontóirí Éireannacha a bhaineann leis an tréimhse tar éis 1960, a gcuirtear teachtaireacht shóisialta agus/nó pholaitiúil in iúl ina saothar.

- Déan tagairt i do fhreagra do **bheirt** ealaíontóirí ainmnithe agus dá saothar.
- Bíodh plé ar an gcomhthéacs, ar an nuálaíocht agus ar an aireag, ar na bunábhair, ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh san áireamh agat.

Spás don phleanáil más rogha leat é a úsáid.

Freagra ar Cheist

Spás le haghaidh sceitsí, léaráidí, etc. más rogha leat é a úsáid.
Déan an obair go léir a lipéadú go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Spás breise le haghaidh freagraí.

Déan an obair go léir a lipéadú go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Spás breise le haghaidh sceitsí, léaráidí, etc.
Déan an obair go léir a lipéadú go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Admhálacha**

**Téacs**

Lch 7: Ceist 5
https://irishmuseums.org/news/grafton-architects-appointed-principal-design-consultants-for-crawford-art-gallery-redevelopment
(Arna rochtain ar 20 Feabhra 2023)

**Íomhánna**

Lch 3: Ceist 1
David Booth. *Salvatore*. 2021. Ola ar Chlár.
https://www.nationalgallery.ie/art-and-artists/exhibitions/zurich-portrait-prize-2022/david-booth-salvatore
(Arna rochtain ar 16 Feabhra 2023)

Lch 4: Ceist 2
Cartoon Saloon. Stadán ón scannán beochana *Wolfwalkers*. 2020.
https://www.newyorker.com/magazine/2020/12/21/cartoon-saloon-and-the-new-golden-age-of-animation
(Arna rochtain ar 16 Feabhra 2023)
Stadán - Cartoon Saloon agus Abram Books.

Lch 6: Ceist 4
Sarah Cunningham-Bell. *The Bridge: Fiacha Dhubha Fhionnghlaise ar Foluain (*Finglas Ravens Soar). 2021.
https://www.sculpturedublin.ie/the-bridge-fiacha-dhubha-fhionglaise-ar-foluain-finglas-ravens-soar-by-sara-cunningham-bell-created-in-collaboration-with-local-people-in-finglas/
(Arna rochtain ar 16 Feabhra 2023)
Jacob Cunningham-Bell a ghlac an grianghraf.

Lch 8: Ceist 6
Ruohan Wang i gcomhar le Nike. *Nike Air Force 1 Flyleathe*r. 2020.
https://sneakernews.com/2020/09/10/ruohan-wang-nike-air-force-1-cz3990-900-release-info/
(Arna rochtain ar 16 Feabhra 2023)

Lch 9: Ceist 7
Grafton Architects. *Teach Cathrach*. Ollscoil Kingston, Londain. 2019.
https://www.graftonarchitects.ie/Town-House-Kingston-University-London
(Arna rochtain ar 16 Feabhra 2023)
Ed Reeve a ghlac an grianghraf.
https://www.frameweb.com/article/institutions/these-architects-believe-university-buildings-can-transform-communities
(Arna rochtain ar: 16 Feb 2023)
Ed Reeve agus Dennis Gilbert a ghlac an grianghraf.

Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D’fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d’fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Ealaín Amharcstaidéar

Déardaoin 15 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 - 4:30